Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026
(OR. en)

9464/26

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0726(COD)**

CODEC 956
POLCOM 177
COMER 89
PE 74

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena dtugtar aghaidh ar na héifeachtaí diúltacha ar mhargadh cruach an Aontais de dheasca na ró-acmhainneachta domhanda<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 18 go dtí an 21 Bealtaine 2026) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla le haghaidh nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin togra seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta Bernd LANGE (S&D, DE) leasú comhréitigh (leasú uimhir 60) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin thar ceann INTA, ar ullmhaigh an rapóirtéir Raphaël Karin KARLSBRO (Renew, SE) dréacht-tuarascáil ina leith, chomh maith le leasú amháin (leasú uimhir 61) ar an rún reachtach a leagan síos ina bhfuil ráiteas. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh na leasuithe sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáladh ag an suí iomlánach an 19 Bealtaine 2026, glacadh an leasú comhréitigh (leasú uimhir 60) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin agus leasú uimhir 61. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘▌’ a léirítear téacs a scriosadh.

**IARSCRÍBHINN**

**(19.5.2026)**

## P10_TA(2026)0170

## Éifeachtaí diúltacha ar mhargadh cruach an Aontais de dheasca na ró-acmhainneachta domhanda

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2026 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar na héifeachtaí diúltacha ar mhargadh cruach an Aontais de dheasca na ró-acmhainneachta domhanda (COM(2025)0726 – C10-0245/2025 – 2025/0726(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0726),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0245/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas ag an gcoiste freagrach de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta, agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 23 Aibreán 2026 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0012/2026),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

3. ag iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go

substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. a threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P10_TC1-COD(2025)0726**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 19 Bealtaine 2026 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí diúltacha *na ró-acmhainneachta domhanda* a bhaineann le trádáil ar mhargadh cruach an Aontais *agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2170***

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

[1] ***Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2026.***

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an earnáil cruach lárnach d'iomaíochas agus do shlándáil an Aontais. ***Tá an chruach bunriachtanach freisin do go leor tionscail eile, amhail tionscail teicneolaíochta glaine, iompair, tógála agus bonneagair fuinnimh an Aontais. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach do shlándáil eacnamaíoch an Aontais tionscal cruach atá iomaíoch agus forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de a chaomhnú. Dá réir sin, measann*** an tAontas go bhfuil ***tábhacht straitéiseach leis an earnáil cruach agus tá sé tiomanta dá*** hinmharthanacht, dá ***hathléimneacht*** agus dá hinbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú.

***(2) Tá traidisiún seanbhunaithe ag an Aontas maidir le táirgeadh cruach i mbailte agus i réigiúin, áiteanna inar tugadh scileanna ar aghaidh ó ghlúin go glúin d'oibrithe cruach, a raibh ról lárnach acu i mbunú mhonaraíocht an Aontais agus atá fíor-riachtanach chun iomaíochas agus ardluach sóisialta na hearnála cruach a chothú.***

(3) Tá tionscail chruach ar fud tíortha agus réigiún, lena n-áirítear an tAontas, thíos ***le*** tionchar diúltach ***na*** ró-acmhainneachta struchtúraí domhanda atá ag dul i méid. Déanann an dúshlán domhanda sin difear ***diúltach*** do mhargadh an Aontais agus do ***na*** margaí i dtíortha eile go díreach, trí allmhairí ó thíortha ag a bhfuil acmhainneacht iomarcach, nó go hindíreach, mar thoradh ar an éifeacht 'brú amach', nó ar an dá bhealach. Chun ró-acmhainneacht dhomhanda a réiteach go héifeachtach, tá gá le hiarrachtaí comhpháirteacha feabhsaithe ón Aontas agus ó ▌ ***thíortha comhpháirtíochta*** atá ar aon intinn leo nach gcuireann leis an ró-acmhainneacht dhomhanda. ***Dá bhrí sin, cuirfidh*** an tAontas ***dlús lena iarrachtaí*** a bheith i gceannas ar an obair idirnáisiúnta, ▌ lena n-áirítear faoi chuimsiú an Fhóraim Dhomhanda maidir le Ró-Acmhainn sa Tionscal Cruach ***(GFSEC),*** maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, maidir le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na ró-acmhainneachta domhanda agus maidir le réitigh a chur chun feidhme lena neartaítear trédhearcacht an mhargaidh dhomhanda cruach agus lena gcuirtear teicnící nua-aimseartha táirgthe agus soláthair san áireamh, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm phrionsabal 'an ***leáite agus an doirte***' chomh maith ***le*** faireachán a dhéanamh ar allmhairí agus onnmhairí. Tá an tAontas ***tiomanta i gcónaí do mhargaí a choimeád cothrom agus oscailte, agus dá chaidreamh le comhpháirtithe saorthrádála atá ann cheana agus leo siúd a bheidh ann amach anseo a neartú tuilleadh. Den mheon sin,*** agus d'fhonn a ngeilleagair a imfhálú ó ró-acmhainneacht dhomhanda ▌ agus rochtain ar an margadh a mhéadú ina measc, ba cheart don ***Aontas*** agus do na tíortha atá ar aon intinn leis oibriú le chéile ***go práinneach, rud lena léireofaí leasanna straitéiseacha comhroinnte agus tairbhí frithpháirteacha, agus slabhraí soláthair slána, intuartha agus éagsúlaithe á n-áirithiú ag an am céanna***.

▌

(4) Léiríodh in anailís dhomhain arna tabhairt i gcrích ag an gCoimisiún ▌ in 2019 go raibh tionscal cruach an Aontais i mbaol mórdhíobhála ***cheana an tráth sin***, agus gur dócha go dtiocfadh mórdhíobháil iarbhír ar an staid amach anseo, in éagmais bearta coimirce. ***Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh sé chun leas an Aontais bearta iomchuí a ghlacadh chun méadú breise ar allmhairí táirgí cruach a sheachaint.***

▌

(5) An 31 Eanáir 2019, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159[2] lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha maidir le hallmhairí áirithe cruach, agus aghaidh á tabhairt, ar an gcaoi sin, ar an mbaol a bhaineann le sraonadh trádála agus ar an mbagairt mórdhíobhála is dócha ▌ ***a bheadh*** ann ina dhiaidh sin i gcás na dtáirgí a chumhdaítear leis Rialachán ▌ ***sin***. Tá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 le dul in éag an 30 Meitheamh 2026.

---

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/159/oj).

(6) I mí na Samhna 2024, ghlac ceannairí an Aontais Dearbhú Bhúdaipeist ***i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa,*** inar leagadh béim ar an ngá práinneach, agus ar an diongbháilteacht, an tAontas a dhéanamh níos iomaíche ▌. Ina theannta sin, dhearbhaigh ceannairí an Aontais go bhfuil siad tiomanta d'athnuachan thionsclaíoch agus dícharbónú a áirithiú***, agus*** a chur ar chumas an Aontais leanúint de bheith ina lárionad cumhachta tionsclaíoch agus teicneolaíoch ***lena gcothaítear poist ardcháilíochta***. D'aithin ceannairí an Aontais freisin gur gá ullmhacht agus cumais chosanta a mhéadú, go háirithe trí bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta a neartú dá réir. Chuige sin, gheall ceannairí an Aontais beartas tionsclaíoch a fhorbairt don Aontas chun fás na bpríomhtheicneolaíochtaí a bheidh ann amach anseo a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar thionscail thraidisiúnta atá i mbun aistrithe.

(7) Is príomhthosaíocht de chuid an Aontais é iomaíochas tionsclaíoch ***na hearnála cruach, rud a chuideoidh leis an bhfás inbhuanaithe, leis an rathúnas fadtéarmach agus leis an athléimneacht. D'fhéadfadh an dícharbónú a bheith*** ina ***luasaire*** cumhachtach don fhás ***agus don athléimneacht*** agus é á chomhtháthú le beartais thionsclaíocha, iomaíochta, eacnamaíocha agus trádála. ***Déanann an ró-acmhainneacht dhomhanda difear do thionscal cruach an Aontais i gcomhthéacs a aistrithe i dtreo táirgeadh atá neodrach ó thaobh carbóin de. Dá bhrí sin, ba cheart conair dícharbónaithe na hearnála cruach san Aontas a bheith ar cheann de na gnéithe is féidir leis an gCoimisiún a chur san áireamh agus méideanna na dtaraifchuótaí arna n-oscailt faoin Rialachán seo á leasú agus ba cheart í a bheith mar chuid de na gnéithe atá le cur san áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar éifeachtacht an Rialacháin seo.***

▌

(8) Is príomhearnálacha iad na tionscail ***dianfhuinnimh*** a dteastaíonn tacaíocht phráinneach uathu chun dícharbónú ***agus*** leictriú a dhéanamh, agus ***chun*** aghaidh a thabhairt ar chostais arda fuinnimh, ar iomaíocht dhomhanda éagórach agus ar rialacháin chasta, ***ar rudaí iad uile a dhéanann dochar d'***iomaíochas. ***Tá sé ríthábhachtach a chur ar chumas na dtionscal sin leanúint de bheith iomaíoch ar fud an domhain, agus táirgeadh agus úsáid acmhainneachta san Aontas a mhéadú.***

(9) Mar a aithnítear sa ***Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Márta 2025 dar teideal 'Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail', is*** miotal í an chruach a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do chumas cosanta an Aontais. ***Go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil éagobhsaíocht dhomhanda ag dul i méid agus brúnna slándála ag éirí níos déine,*** tá slabhraí soláthair cobhsaí athléimneacha miotal ▌, ***lena n-áirítear*** cruach, agus táirgeadh ***intíre láidir iomaíoch di,*** buntábhachtach don chosaint agus don aeraspás, ***chun athléimneacht eacnamaíoch a bhaint amach*** agus chun spleáchais neamh-inmhianaithe ar sholáthróirí ***tríú tír*** a sheachaint.

▌

(10) Meastar go dtiocfaidh méadú ar an ró-acmhainneacht dhomhanda ó 602 mhilliún tona in 2024, arb ionann é agus cúig oiread éileamh an Aontais, go 721 mhilliún tona faoi 2027. Tá roinnt bearta cosanta trádála glactha cheana féin ag an Aontas sna hearnálacha miotal, lena n-áirítear i dtaca le hiarainn agus cruach ▌. Mar sin féin, tá na bearta cosanta trádála sin á bhfrithchúiteamh ag breiseanna móra leanúnacha acmhainneachta ar fud réigiúin eile, agus iad scoite go hiomlán ó éabhlóid ***an*** éilimh intíre agus dhomhanda. Tá tionscal cruach an Aontais ag teacht níos mó agus níos mó faoi thionchar na ró-acmhainneachta domhanda agus an tsaofa dhomhanda, lena n-áirítear beartais agus cleachtais neamh-mhargaidh i dtríú tíortha áirithe a thacaíonn go saorga lena dtionscail intíre nó a imchéimníonn bearta agus smachtbhannaí cosanta trádála an Aontais. Dá thoradh sin, is é an tAontas an t-aon mhór-réigiún déanta cruach a bhfuil laghdú tagtha ar a acmhainneacht faoi láthair. ***Dá bhrí sin, ba cheart dearcadh fadtéarmach a bheith ag aon bheart a bhaineann leis an earnáil cruach, ós rud é gur fadhb struchtúrach í an ró-acmhainneacht dhomhanda nach dócha go réiteofar í sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma.***

(11) Ina theannta sin, leis an bhforbairt a tháinig le déanaí ar bhearta sriantacha trádála tríú tíortha, tá méadú breise ag teacht ***ar an*** mbrú ***a chuireann allmhairí ar mhargadh an Aontais,*** i dtéarmaí méideanna agus praghsanna araon ▌. Meastar nach dtiocfaidh ach méadú breise ar an mbrú sin, ***agus tá baol ann go dtiocfaidh laghdú breise ar tháirgeacht an Aontais***.

(12) Mar thoradh air sin, tá tionscal cruach an Aontais i staid uafásach, agus caillteanas ▌ acmhainneachta táirgeachta ann nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, cothrom le níos mó ná 30 milliún tona ó 2018, an ráta acmhainneachta ab ísle riamh, ag sroicheadh ***67 %*** in 2024 agus thart ar ***30 000*** post caillte ó 2018 i leith, agus na mílte caillteanas post eile sa bhreis air sin fógartha , agus caillteanais airgeadais leanúnacha.

(13) Leanann an córas trádála iltaobhach atá bunaithe ar rialacha, agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) ina chroílár, de bheith bunúsach chun cobhsaíocht, intuarthacht agus cothroime a áirithiú sa trádáil dhomhanda. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a cheapadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le hoibleagáidí an Aontais faoi EDT, go háirithe maidir le dáileadh taraifchuótaí.

(14) I bhfianaise staid thionscal cruach an Aontais atá ***ag dul in olcas go tapa***, ***a thábhachta straitéisí atá ag dul i méid*** agus an dul chun cinn míshásúil atá déanta go dtí seo maidir le teacht ar réiteach comhchoiteann lena dtugtar aghaidh ar ró-acmhainneacht dhomhanda***, go háirithe faoi chuimsiú GFSEC ,*** is gá beart ▌ a ghlacadh a chuirfear in ionad Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159. ***Ag an am céanna, tá an tAontas tiomanta i gcónaí an comhaontú a bhaint amach, a cuireadh in iúl ag Cruinniú Airí aireachta GFSEC an 10 Deireadh Fómhair 2025, chun oibriú i dtreo creat cuimsitheach le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le ró-acmhainneacht dhomhanda.*** ▌

▌

*(15)* Dá bhrí sin, ***ba cheart creat comhleanúnach cuimsitheach a bhunú leis an Rialachán seo chun dul i ngleic le héifeachtaí diúltacha na ró-acmhainneachta dhomhanda a bhaineann le trádáil ar mhargadh cruach an Aontais. I bhfianaise an tsuaite thromchúisigh san earnáil cruach agus staid thionscal cruach an Aontais atá ag dul in olcas go tapa, is gá na tríú tíortha uile a chumhdach, lena n-áirítear na tríú tíortha sin a bhfuil comhaontú saorthrádála tugtha i gcrích ag an Aontas leo agus na tríú tíortha sin a thairbhíonn d'fhabhair tharaife uathrialaitheacha, amhail scéim ghinearálaithe an Aontais na bhFabhar Ginearálaithe Taraife faoi Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Leis an gcreat a bhunaítear faoin Rialachán seo, ba cheart foráil a dhéanamh, ar thaobh amháin, maidir le taraifchuótaí a oscailt agus dleacht lasmuigh den chuóta a shocrú agus, ar an taobh eile, maidir leis an bhféidearthacht, i gcás inarb iomchuí, bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm i ndáil le táirgí ó thríú tíortha a bhfuil comhaontú saorthrádála tugtha i gcrích ag an Aontas leo. I gcás nach iomchuí bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm, ba cheart táirgí ó thríú tíortha a bhfuil comhaontú saorthrádála tugtha i gcrích ag an Aontas leo a bheith faoi réir na dtaraifchuótaí agus na dleachta lasmuigh den chuóta dá bhforáiltear sa Rialachán seo.***

[3] ***Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/978/oj).***

(16) Cé go bhfuil an taraif lasmuigh den chuóta socraithe ag ***25 %*** faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, agus leibhéal na dtaraifí san earnáil cruach i bpríomh-mhargaí eile á chur san áireamh, is iomchuí leibhéal na ***dleachta*** lasmuigh den chuóta ***a ardú*** go ***50 %,*** chun an riosca a bhaineann le sraonadh trádála a íoslaghdú. ***Bheadh*** an dualgas sin sa bhreis ar dhleachtanna eile a bhfuil feidhm acu maidir leis na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

▌

(17) I bhfianaise an dlúth-chomhtháthaithe uathúil faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch [4], ba cheart allmhairí an Aontais ón Íoslainn, ▌ ó Lichtinstéin ***agus ón Iorua*** a eisiamh ó chur i bhfeidhm na ***dtaraifchuótaí agus na*** dleachta ***lasmuigh den chuóta***.

(18) Rinneadh méid iomlán na dtaraifchuótaí a ríomh tríd an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí isteach i margadh an Aontais sa bhliain 2013 a chur i bhfeidhm mar thagairt***, arbh ionann í agus*** thart ar ***13 %***, ar thomhaltas foriomlán mhargadh cruach an Aontais in 2024, ***arb í*** an bhliain is déanaí í ***a bhfuil sonraí iomlána*** ar fáil ina leith ▌ . Ní chuirtear san áireamh sa ríomh allmhairí de thionscnamh na Bealarúise agus Chónaidhm na Rúise ▌ , atá faoi réir toirmisc ar allmhairí faoi láthair, a leithdháileadh sa ríomh. Is é an toradh atá air sin méid iomlán an taraifchuóta bhliantúil de 18 345 922 ***thona***.

(19) Ba cheart na taraifchuótaí a mhiondealú in aghaidh na catagóire táirge bunaithe ar sciar na n-allmhairí a bhí ag gach catagóir táirgí le linn na tréimhse 2022-2024. ▌ Is iomchuí an tréimhse thagartha sin chun sciar an taraifchuóta a mhiondealú toisc go léiríonn sí go cruinn na sreafaí trádála is déanaí.

---

4 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

(20) ***Ba cheart na taraifchuótaí a riar ar bhonn ráithiúil i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta dá bhforáiltear i ▌ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún[5]. Áirithítear éifeachtacht leis an gcineál riaracháin sin trí mhéideanna móra díréireacha allmhairí a sheachaint laistigh de thréimhse an-ghearr, gan bac míchuí a chur ar shreafaí trádála. Le linn na chéad bhliana de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart na taraifchuótaí sin nach n-úsáidtear laistigh de ráithe amháin ▌ a thabhairt anonn go dtí an chéad ráithe eile laistigh den tréimhse bhliantúil chéanna de chur i bhfeidhm an taraifchuóta, chun níos mó solúbthachta a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha agus chun rannchuidiú le leanúnachas sna slabhraí soláthair agus le comhlíonadh na gconarthaí soláthair atá ann cheana a áirithiú. Tar éis na chéad bhliana de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, d'fhéadfadh sé gur ghá coigeartú a dhéanamh ar na rialacha maidir le taraifchuótaí nár úsáideadh a thabhairt anonn, agus freagairtí an mhargaidh ar na bearta dá bhforáiltear leis an Rialachán seo á gcur san áireamh, chomh maith leis an ngá aghaidh a thabhairt ar shuaití a d'fhéadfadh a bheith sa mhargadh. Mar shampla, léiríodh leis an taithí ar tharaifchuótaí a riar san earnáil cruach a fuarthas le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 gur féidir tabhairt anonn taraifchuótaí nár úsáideadh, in imthosca áirithe, cur le brú méadaithe ar allmhairí i réimsí áirithe nó catagóirí táirgí ar leith, go háirithe i gcás ina bhfuil lagú ar éileamh an mhargaidh nó laghdú ar thomhaltas nuair atá líon na n-allmhairí fós ard. Os a choinne sin, d'fhéadfadh easpa tabhairt anonn, in imthosca áirithe eile, cur le deacrachtaí maidir le háirithiú leanúnachais i slabhraí soláthair agus le conarthaí soláthair atá ann cheana a chomhlíonadh.***

*(21)* ***Dá bhrí sin, chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gceadófar taraifchuótaí nár úsáideadh a thabhairt anonn, agus aird á tabhairt, ar thaobh amháin, ar***

---

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

***leibhéal méadaithe an bhrú allmhairiúcháin agus, ar an taobh eile, ar leibhéal meánúsáide na dtaraifchuótaí agus ar infhaighteacht neamhleor an tsoláthair d'úsáideoirí cruach iartheachtacha. Go háirithe, i gcás ina bhfuil meánúsáid na dtaraifchuótaí le haghaidh catagóir táirgí ar leith os cionn 80 % le linn na chéad trí ráithe de thréimhse bhliantúil chur i bhfeidhm na dtaraifchuótaí, ba cheart an tabhairt anonn a cheadú, ós rud é go laghdófaí sé sin go suntasach an riosca go mbeadh líon an-ard allmhairí saor ó dhleacht ann i ráithe áirithe.***

(22) Chun a áirithiú go mbeidh an Rialachán seo éifeachtach chun dul i ngleic le héifeachtaí na ró-acmhainneachta domhanda, agus i bhfianaise shainiúlachtaí na dtáirgí cruach agus na dteicnící nua-aimseartha táirgthe agus soláthair, tá sé tábhachtach tír 'an leáite agus an doirte' a shainaithint, ***rud a chiallaíonn*** go bhfuil an suíomh bunaidh ina dtáirgtear cruach amh ***nó*** iarann i bhfoirm leachtach ar dtús laistigh d'fhoirnéis déanta ***cruach*** nó iarainn agus a theilgfear ina dhiaidh sin isteach ina chéad staid sholadach. Is féidir leis an gcéad staid sholadach ***sin*** táirge leathchríochnaithe a chuimsiú, lena n-áirítear leaca, billéid, nó tinní, ach gan a bheith teoranta dóibh, nó táirge muilinn cruach críochnaithe. ***Ba cheart a cheangal ar allmhaireoirí fianaise a sholáthar maidir*** le tír 'an leáite agus an doirte'***, amhail trí bhíthin deimhniú tástála muilinn.*** Mhéadódh ***an ceanglas sin*** trédhearcacht sa slabhra soláthair le haghaidh allmhairí cruach ***agus chuirfeadh sé ar chumas an Choimisiúin faisnéis iontaofa a fháil maidir le tionscnamh allmhairí cruach isteach san Aontas.***

▌

(23) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an ***cineál fianaise atá le soláthar ag allmhaireoirí a leagan síos chun*** tír ***'an leáite agus an doirte' a chruthú. Sula bhfeidhmeoidh sé a chumhachtaí cur chun feidhme maidir leis an bhfianaise ar thír 'an leáite agus an doirte', tá sé tábhachtach go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí, lena n-áirítear táirgeoirí cruach, úsáideoirí agus na Ballstáit, chun a áirithiú gur leor an cineál fianaise a éilítear chun tír 'an leáite agus an doirte' a chruthú, agus chun measúnú cúramach a dhéanamh ar chás sonrach na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) agus ualaí riaracháin díréireacha a sheachaint.***

*(24) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún freisin chun dáileadh tíre na dtaraifchuótaí arna n-oscailt faoin Rialachán seo a leagan síos. Agus an dáileadh sin á leagan síos aige, ba cheart don Choimisiún an sciar den mhargadh allmhairiúcháin a bhí i réim i margadh cruach an Aontais sula raibh tionchar ag an ró-acmhainneachta domhanda a chur san áireamh. Is í an bhliain 2013 an bonn is iomchuí don ríomh sin, ós rud é nach raibh tionchar ag leitheadúlacht na ró-acmhainneachta domhanda sa bhliain sin, ar ró-acmhainneacht í a raibh borradh mór fúithi in 2015, ach a raibh a héifeachtaí le feiceáil cheana féin, ó thaobh méadú ar dhul i bhfód na n-allmhairí, in 2014. An tráth céanna, tá sé tábhachtach taraifchuótaí roimhe sin, go háirithe iad siúd a leagtar síos faoi Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1331[6] agus (AE) 2023/2840 ón gCoimisiún[7] maidir le sreafaí trádála táirgí cruach de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann trí iompar díreach ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe, a chur san áireamh agus taraifchuótaí á ndáileadh. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún comhaontuithe saorthrádála atá ann faoi láthair agus iad siúd a bheidh ann amach anseo a chur san áireamh, go háirithe na comhaontuithe sin atá beagnach i gcrích sa chaibidlíocht. Ba cheart gnéithe eile a chur san áireamh freisin, de réir mar is infheidhme, amhail éifeachtaí saofa trádála na mbeart tríú tír a mbíonn tionchar acu ar mhargadh cruach an Aontais, an fíoras go bhfaightear go bhfuil tríú tír ag sárú choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) nó comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, tabhairt i gcrích comhaontuithe idirnáisiúnta ag an Aontas faoi Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994, tabhairt i gcrích aon chomhaontaithe idirnáisiúnta nó tuisceana idirnáisiúnta neamhcheangailtí lena dtugtar aghaidh ar leibhéil na ró-acmhainneachta domhanda do na táirgí a chumhdaítear leis an*

---

6 ***Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1331 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe (IO L 166, 30.6.2023, lch. 98, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1331/oj).***

7 ***Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2840 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe (IO L, 2023/2840, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2840/oj).***

***Rialachán seo, agus an gá atá le héagsúlú foinsí soláthair a áirithiú. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart leasanna na dtíortha is iarrthóirí don Aontas atá i staid slándála eisceachtúil agus láithreach a chur san áireamh, go háirithe i gcás inar bhain siad tairbhe roimhe sin as rochtain fhabhrach ar mhargadh an Aontais do na catagóirí táirgí atá faoi réir an Rialacháin seo, amhail an Úcráin, gan an bonn a bhaint ó éifeachtacht an Rialacháin seo. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún na taraifchuótaí, más ann dóibh, arna n-oscailt mar chuid de bhearta coimirce déthaobhacha a chur san áireamh chun a áirithiú nach rachaidh méid foriomlán na dtaraifchuótaí arna n-oscailt ag an Aontas thar an méid dá bhforáiltear san Iarscríbhinn ábhartha. Thairis sin, d'fhonn comhleanúnachas agus comhsheasmhacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú, i gcás ina gcuireann bearta sriantacha toirmeasc ar chatagóir táirgí amháin nó níos mó a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a allmhairiú ó thríú tíortha, níor cheart don Choimisiún taraifchuótaí a dháileadh ar na tríú tíortha sin le haghaidh na gcatagóirí táirgí sin. Ar deireadh, ón 1 Deireadh Fómhair 2027, ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis a bhailítear ó allmhaireoirí maidir le tír 'an leáite agus an doirte' a chur san áireamh.***

(25) Ba cheart ***cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún freisin,*** bearta coimirce ***déthaobhacha a chur i bhfeidhm,*** i gcás inar gá, maidir le hallmhairiú táirgí ▌ de thionscnamh na dtríú tíortha sin a bhfuil comhaontú saorthrádála tugtha i gcrích ag an Aontas leo. Ba cheart do na bearta coimirce ***déthaobhacha*** sin an ▌ comhaontú saorthrádála is infheidhme a chomhlíonadh. ***Agus cinneadh á dhéanamh aige i dtaobh cé hiad na*** bearta ***coimirce déthaobhacha a chuirfidh sé i bhfeidhm, tá sé tábhachtach go dtabharfadh an Coimisiún aird ar an ngá atá le creat comhleanúnach cuimsitheach a bhunú faoin Rialachán seo agus le haghaidh a thabhairt ar éifeachtaí diúltacha na ró-acmhainneachta domhanda a bhaineann le trádáil ar mhargadh cruach an Aontais. Thairis sin, chun a áirithiú go mbeidh an Coimisiún in ann bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm go prás, is gá nach mbeidh feidhm ag na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[8] ***maidir le bearta coimirce déthaobhacha a chuirtear i bhfeidhm faoin*** Rialachán seo.

***(26) Ba cheart na cumhachtaí a thugtar faoin Rialachán seo a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[9]***. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha a ghlacadh.***

***(27) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann leis an ngá atá le dáileadh tráthúil na dtaraifchuótaí nó cur i bhfeidhm tráthúil beart coimirce déthaobhach a áirithiú, mar a éilítear le mórfhorais phráinne.***

---

8 ***Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Feabhra 2019 lena gcuirtear chun feidhme clásail choimirce dhéthaobhacha agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha (IO L 53, 22.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/287/oj).***

9 ***Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).***

(28) Chun a áirithiú go ndéanfar leibhéal na gcuótaí arna n-oscailt i ndáil le hallmhairí isteach san Aontas a oiriúnú do dhálaí athraitheacha i margaí na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ▌, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le ***méideanna na dtaraifchuótaí a leagtar síos sa Rialachán seo a leasú. Ag an am céanna, ba cheart aon leasú ar na méideanna sin leanúint de bheith comhsheasmhach le cuspóir an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, is iomchuí íosluach agus uasluach comhcheangailte mhéideanna na dtaraifchuótaí a leagtar síos sa Rialachán seo a shocrú, agus é á chur san áireamh an tráth céanna, de réir an Ionchais Cruach do 2025 de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, go meastar go bhfanfaidh tomhaltas cruach laistigh den Aontas cobhsaí go dtí 2030. Ba cheart an t-uasluach comhcheangailte a ríomh trí sciar 13 % den mhargadh a chur i bhfeidhm ar an leibhéal tomhaltais a cláraíodh in 2018, arbh é an leibhéal bliantúil ab airde é le linn na tréimhse 2013-2024. Ba cheart an t-íosluach comhcheangailte a chinneadh ag féachaint don ghá atá ann foráil a dhéanamh maidir le leibhéal coibhéiseach solúbthachta i gcás ina dtagann cor chun donais ar an margadh. Dá réir sin, níor cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún méideanna na dtaraifchuótaí a leagtar síos sa Rialachán seo a leasú ach amháin a mhéid a fhanann a luach iomlán idir 14 400 000 tona agus 22 200 000 tona. Agus a chumhachtaí tarmligthe á bhfeidhmiú aige, ba cheart don Choimisiún na nithe seo a leanas a chur san áireamh, de réir mar is infheidhme: éabhlóid an éilimh, athruithe ar sciartha den mhargadh allmhairiúcháin, forbairtí suntasacha maidir le ró-acmhainneacht dhomhanda, leibhéal an dul chun cinn atá déanta i gconair dícharbónaithe na hearnála*** cruach ***san Aontas, ag féachaint do spriocanna aeráide an Aontais, éabhlóid agus méid na mbeart tríú tír a bhfuil tionchar acu ar allmhairí cruach, saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hinfhaighteacht soláthair i gcatagóirí áirithe*** táirgí ***atá nasctha le hacmhainneacht neamhleor*** agus le ***méaduithe suntasacha gaolmhara ar phraghsanna, cuspóirí chomhbheartas slándála agus cosanta an Aontais, agus éifeachtaí plódaithe míchuí i dtaraifchuótaí áirithe***. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú

an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún freisin chun an liosta táirgí san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/2170 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[11]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú agus na ngníomhartha tarmligthe á n-ullmú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

10 ***Rialachán (AE) 2020/2170 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cuótaí rátaí taraife an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí a chur i bhfeidhm (IO L 432, 21.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2170/oj).***

11 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

***(29) I gcás ina ndáileann an Coimisiún taraifchuótaí, ina gcuireann sé bearta coimirce déthaobhacha i bhfeidhm nó ina leasaíonn sé méideanna na gcuótaí taraife, ba cheart dó leas an Aontais a chur san áireamh. Ba leas an Aontais a chinneadh bunaithe ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil agus ba cheart tuiscint ar na leasanna éagsúla atá i gceist a bheith ann, ina n-iomláine. Áirítear ar na leasanna sin leasanna oibreoirí eacnamaíocha an Aontais, lena n-áirítear tionscail réamhtheachtacha agus iartheachtacha, agus leasanna thomhaltóirí deiridh an Aontais.***

***(30) Ós rud é go leagtar síos leis an Rialachán seo, ceanglais nua d'oibreoirí eacnamaíocha an Aontais, ba cheart don Choimisiún pointe teagmhála ar líne a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha an Aontais chun faisnéis a iarraidh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an scéim riaracháin taraife, dáileadh taraifchuótaí agus cur i bhfeidhm phrionsabal 'an leáite agus an doirte'.***

(31) ***Ba cheart don Choimisiún measúnuithe tréimhsiúla a dhéanamh ar raon táirgí an Rialacháin seo. Go háirithe, faoin 31 Nollaig 2026,*** ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar ***an ngá atá le an raon táirgí a leasú chun táirgí áirithe a chumhdach. Faoin 30 Meitheamh 2027, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh*** ar an ngá atá leis an raon ***táirgí a leasú, go háirithe d'fhonn a chinneadh*** ar cheart ***go gcumhdófaí leis freisin*** táirgí atá déanta as, nó ina bhfuil, méid suntasach cruach***, lena n-áirítear mar ábhar tosaíochta táirgí iarainn agus cruach iartheachtacha nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo***. ***Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún measúnú breise a dhéanamh ar an raon táirgí gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, mura rud é go n-éilítear measúnú níos luaithe le suaitheadh suntasach sa mhargadh nó le hathruithe tobanna ar phatrúin trádála domhanda. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin thráthúla leis na geallsealbhóirí roimh gach measúnú ar an raon táirgí. Go háirithe, i bhfianaise na tréimhse giorra don mheasúnú tosaigh, ba cheart comhairliúchán a thionscnamh faoin 1 Iúil 2026. I gcás ina léiríonn na measúnuithe gur gá an raon táirgí a leasú, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh i dtaobh togra reachtach a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.***

***(32) Faoin ... 30 Meitheamh 2028, ba cheart don Choimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhailítear faoin Rialachán seo, a mheas an gá tír 'an leáite agus an doirte' a ainmniú mar bhonn chun tairbhe a bhaint as taraifchuótaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo, go háirithe chun cosc a chur ar chruach a tháirgtear i dtríú tíortha áirithe a chuireann leis an ró-acmhainneacht dhomhanda dul isteach go míchuí i margadh an Aontais tar éis claochlú breise i dtríú tíortha eile. Bunaithe ar an measúnú sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh i dtaobh togra reachtach a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.***

***(33)*** ***Faoin 30 Meitheamh 2028 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ba cheart an tuarascáil sin a chur ar fáil go poiblí agus d'fhéadfadh faisnéis a bheith inti go háirithe maidir le húsáid agus éabhlóid taraifchuótaí agus maidir le catagóir agus méid na n-allmhairí atá lasmuigh de na taraifchuótaí.***

(34) ***Faoin 30 Meitheamh 2029 agus gach 3*** bliana ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh éifeachtacht agus atá an Rialachán seo, agus éabhlóid na bpríomhpharaiméadar a thug údar lena ghlacadh á cur san áireamh, lena n-áirítear éabhlóid agus treochtaí na ró-acmhainneachta domhanda ***agus*** a héifeachtaí a bhaineann le trádáil ar mhargadh cruach an Aontais ***agus ar leas an Aontais,*** agus measúnú a dhéanamh ar éabhlóid ***staid thionscal cruach an Aontais, lena n-áirítear leibhéil praghsanna agus úsáid acmhainneachta, an tionchar ar thionscail réamhtheachtacha agus iartheachtacha*** agus ***ar thomhaltóirí deiridh san Aontas, agus conair*** dícharbónaithe ***na hearnála cruach san Aontas ag féachaint do spriocanna aeráide an Aontais. Thairis sin, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh an Coimisiún san áireamh*** freisin staid na mbeart sriantach trádála maidir le cruach i dtríú tíortha agus ar na himpleachtaí agus ar na héifeachtaí ***a d'fhéadfadh*** a bheith acu, nó ar dócha go mbeidh acu, i dtéarmaí riosca sraonadh trádála isteach i margadh an Aontais, ***agus*** anailís a dhéanamh freisin ar an staid maidir le beartais agus cleachtais neamh-mhargaidh a bheith ann i dtríú tíortha agus a dtionchar ar mhargadh cruach an Aontais***;***

***(35)*** ***Is gá Rialachán (AE) 2020/2170 a leasú chun a áirithiú go leanfar de chur i bhfeidhm na socruithe atá ann cheana maidir leis na táirgí cruach de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin..***

(36) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí taraifchuótaí agus dleacht lasmuigh den chuóta a oscailt, agus foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm i ndáil le hallmhairí táirgí cruach isteach san Aontas chun an bunchuspóir, is é sin aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí diúltacha na ***ró-acmhainneachta domhanda a bhaineann le trádáil ar mhargadh cruach an Aontais, a ghnóthú***. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

***(37)*** ***I bhfianaise an ghá atá ann a áirithiú go mbeidh feidhm ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ón 1 Iúil 2026, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,***

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. ***Is é is cuspóir don Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí diúltacha na ró-acmhainneachta domhanda a bhaineann le trádáil ar mhargadh cruach an Aontais trí chreat comhleanúnach cuimsitheach a bhunú a bheidh bunaithe, ar thaobh amháin, ar tharaifchuótaí a oscailt agus ar dhleacht lasmuigh den chuóta a shocrú i leith na dtáirgí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a allmhairítear isteach san Aontas agus, ar an taobh eile, ar an bhféidearthacht, i gcás inarb iomchuí, bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm i leith na dtáirgí sin de thionscnamh tríú tíortha a bhfuil comhaontú saorthrádála tugtha i gcrích ag an Aontas leo.***

2. ***Leis na bearta arna nglacadh faoin Rialachán seo ní chuirfear srian ar thrádáil thar a bhfuil fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí diúltacha na ró-acmhainneachta domhanda ar mhargadh cruach an Aontais.***

Airteagal 2

1. Osclaítear ***leis seo*** taraifchuótaí an Aontais, ar bhonn bliantúil, i ndáil le hallmhairí isteach san Aontas de gach ceann de na catagóirí táirgí ▌ a liostaítear in Iarscríbhinn I ▌ .

2. I gcás gach catagóire táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I, osclaítear méid sonrach taraifchuótaí dá bhforáiltear faoi Iarscríbhinn II ar bhonn bliantúil ***ón 1 Iúil gach bliain go dtí an 30 Meitheamh den bhliain dár gcionn ('tréimhse bhliantúil cur i bhfeidhm'). Leagtar amach méid bliantúil iomlán na dtaraifchuótaí in Iarscríbhinn II.***

3. I gcás ina mbeidh taraifchuóta ídithe, nó i gcás nach mbainfidh allmhairithe de na catagóirí táirgí tairbhe as taraifchuóta, beidh allmhairí na gcatagóirí táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I faoi réir dleacht lasmuigh den chuóta de réir ráta 50 % *ad valorem* a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

***4. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hallmhairí uile na gcatagóirí táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear allmhairí táirgí de thionscnamh tíre a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas léi lena bhforáiltear d'fhabhair tharaife nó i dtír a thairbhíonn d'fhabhair tharaife uathrialacha.***

***5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le táirgí de thionscnamh na dtíortha seo a leanas:***

***(a) an Íoslainn, Lichtinstéin nó an Iorua;***

***(b) tíortha a bhfuil feidhm ag bearta coimirce déthaobhacha ina leith de bhun Airteagal 6.***

▌

Airteagal 3

1. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na taraifchuótaí a leagtar amach in Airteagal 2 a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta le haghaidh taraifchuótaí dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

2. Déanfar na taraifchuótaí a riar go ráithiúil.

3. Cuirfear deireadh le leithdháileadh gach cuóta ráithiúil ar an 20ú lá oibre de chuid an Choimisiúin tar éis dheireadh na tréimhse ráithiúla.

4. ***Ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027***, déanfar méideanna na dtaraifchuótaí nár úsáideadh in aon ráithe amháin [redacted] a thabhairt anonn go dtí an chéad ráithe eile ***laistigh den tréimhse bhliantúil chur i bhfeidhm chéanna***.

5. *Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena gcinnfear, i gcás gach catagóire táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I, an bhfuil méideanna na dtaraifchuótaí nár úsáideadh in aon ráithe amháin le tabhairt anonn go dtí an chéad ráithe eile laistigh den tréimhse bhliantúil chéanna cur i bhfeidhm, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh, de réir mar is infheidhme:*

*(a) an leibhéal méadaithe brú allmhairiúcháin, go háirithe mar gheall ar chomhchruinniú méid an-ard allmhairí atá saor ó dhleacht i ráithe áirithe;*

*(b) meánúsáid na dtaraifchuótaí le linn na chéad trí ráithe den tréimhse bhliantúil cur i bhfeidhm, go háirithe i gcás ina bhfuil an mheánúsáid sin os cionn 80 %;*

*(c) infhaighteacht neamh-leordhóthanach soláthair d'úsáideoirí cruach iartheachtacha mar gheall ar fhorbairtí sa mhargadh.*

*Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2). Beidh feidhm ag an gcéad cheann de na gníomhartha cur chun feidhme sin ón 1 Iúil 2027.*

Airteagal 4

***1***. Tráth an allmhairithe, soláthróidh allmhaireoirí ***na gcatagóirí táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I*** fianaise iomchuí ***infhíoraithe,*** amhail deimhniú ***tástála*** muilinn***, chun*** cruthúnas a thabhairt i dtaobh na ***tíre inar táirgeadh an amhchruach nó an t-iarann i bhfoirm leachtach ar dtús laistigh d'fhoirnéis déanta cruach nó iarainn agus a teilgeadh ina dhiaidh sin ina chéad staid sholadach (‘***tír an “leáite agus an doirte”’***’)*** a chruthú.

***2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an cineál fianaise atá le soláthar ag allmhaireoirí de bhun mhír 1 a chinneadh agus cás sonrach na FBManna á chur san áireamh agus ualaí riaracháin díréireacha á seachaint. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2). Déanfar an chéad cheann de na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin 31 Lúnasa 2026.***

Airteagal 5

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos tírdháileadh na dtaraifchuótaí a liostaítear in Iarscríbhinn II, ***agus leas an Aontais agus*** na heilimintí seo a leanas, de réir mar is infheidhme, á gcur san áireamh:

(a) leibhéil taraifchuóta atá coibhéiseach leis an sciar den mhargadh allmhairiúcháin a bhí i réim i margadh cruach an Aontais in 2013;

(b) taraifchuótaí in aghaidh na catagóire táirge bunaithe ar sciar na n-allmhairí a bhí ag gach catagóir táirgí le linn na tréimhse 2022-2024, arna ríomh mar sciar de leibhéil na dtaraifchuótaí dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) comhaontuithe saorthrádála atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo lena gcumhdaítear ina raon feidhme aon cheann de na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I;

***(d) éifeachtaí saofa trádála beart tríú tír a bhfuil tionchar acu ar mhargadh cruach an Aontais;***

***(e) cibé acu a chinntear nó nach gcinntear go bhfuil tríú tír ag sárú choinbhinsiúin EIS nó comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha;***

(f) aon chomhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas faoi Airteagal XXVIII de CGTT a bhaineann leis na taraifchuótaí arna n-oscailt i ndáil le catagóirí táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I;

(g) aon chomhaontú idirnáisiúnta nó aon chomhthuiscint neamhcheangailteach idirnáisiúnta lena dtugtar aghaidh ar na leibhéil ró-acmhainneachta domhanda do na catagóirí táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I;

(h) éagsúlú foinsí soláthair;

(i) staid tíre is iarrthóir ar bhallraíocht an Aontais a bhfuil staid slándála eisceachtúil agus láithreach le sárú aici***, go háirithe i gcás inar bhain sí tairbhe roimhe sin as rochtain fhabhrach ar mhargadh cruach an Aontais do na catagóirí táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I;***

***(j) faisnéis arna bailiú agus Airteagal 4 á chur i bhfeidhm.***

▌

***2. I gcás ina bhfuil bearta coimirce déthaobhacha curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 6 lena mbaineann taraifchuótaí, ní dháilfear, leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo, méid taraifchuótaí a chomhfhreagraíonn do na taraifchuótaí arna n-oscailt mar chuid de na bearta coimirce déthaobhacha sin.***

***3. I gcás ina dtoirmeasctar, le bearta sriantacha arna nglacadh de bhun Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 215 CFAE, catagóir táirgí amháin nó níos mó a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a allmhairiú ó thríú tíortha, ní dhéanfar, leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo, taraifchuótaí a dháileadh ar na tríú tíortha sin le haghaidh na gcatagóirí táirgí sin.***

4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2). Beidh feidhm ag an gcéad cheann de na gníomhartha cur chun feidhme sin ón 1 Iúil 2026.

▌5. Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann leis an ngá atá lena áirithiú go ndéanfar na taraifchuótaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a dháileadh faoin 1 Iúil 2026, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 7(3).

▌

Airteagal ***6***

***De mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/287***, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéantar bearta coimirce déthaobhacha ***a chur i bhfeidhm*** maidir le hallmhairí táirgí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo de thionscnamh na dtíortha sin a bhfuil comhaontú saorthrádála tugtha i gcrích ag an Aontas leo. Comhlíonfaidh na bearta coimirce déthaobhacha sin an comhaontú saorthrádála is infheidhme agus ***cuirfear leas an Aontais san áireamh*** leo.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2).

Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann leis an ngá atá lena áirithiú go bhféadfaidh feidhm láithreach a bheith ag na bearta coimirce déthaobhacha ón 1 Iúil 2026, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 7(3).

Airteagal 7

1. Déanfaidh an Choiste um Bacainní Trádála a bunaíodh le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cúnamh a thabhairt don Choimisiún[12].Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

---

12 Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Aontais faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 272, 16.10.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1843/oj).

Airteagal 8

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 chun méideanna na dtaraifchuótaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a leasú***, agus a áirithiú ag an am céanna nach mbeidh a luach iomlán níos ísle ná 14 400 000 tona ná níos airde ná 22 200 000 tona.***

***Cuirfidh an Coimisiún san áireamh leas an Aontais agus, de réir mar is infheidhme, na heilimintí seo a leanas:***

(a) éabhlóid ***an éilimh;***

(b) athruithe ar na sciartha den mhargadh allmhairiúcháin;

(c) forbairtí suntasacha maidir le ró-acmhainneacht dhomhanda;

***(d) conair dhícharbónaithe na hearnála cruach san Aontas;***

(e) éabhlóid agus méid na mbeart tríú tír a bhfuil tionchar acu ar allmhairí cruach;

(f) saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hinfhaighteacht an tsoláthair i gcatagóirí táirgí áirithe ***atá nasctha le hacmhainneacht neamh-leordhóthanach atá ar fáil go héasca san Aontas i gcatagóirí táirgí áirithe i gcomparáid leis an éileamh, agus le méaduithe suntasacha gaolmhara ar phraghsanna, rud a mbeadh tionchar diúltach aige ar thionscail iartheachtacha an Aontais;***

***(g) cuspóirí chomhbheartas slándála agus cosanta an Aontais;***

(h) éifeachtaí ***plódú amach*** míchuí i dtaraifchuótaí áirithe.

▌

***2***. Más rud é, i gcás athruithe tobanna ar mhargaí na gcatagóirí táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I, ▌ gur gá an Rialachán seo a leasú ▌ ***go tapa*** agus go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá

bhforáiltear in Airteagal 10 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar ▌ de bhun an Airteagail seo.

Airteagal 9

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8 a thabhairt don Choimisiún ***go ceann tréimhse 5 bliana ón ... [dáta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. ***Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana sin, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.***

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfar difear leis do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an ***13 Aibreán 2016*** maidir le Reachtóireacht Níos Fear[redacted] .

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 10

1. ▌Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe ▌arna nglacadh ***faoin*** Airteagal seo ▌i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal ***7(6)***. ***I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.***

▌

***Airteagal 11***

***Cuirfidh an Coimisiún pointe teagmhála ar líne ar fáil. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha an Aontais an pointe teagmhála sin a úsáid chun faisnéis a iarraidh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.***

Airteagal 12

1. Faoin ***31 Nollaig 2026,*** déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le raon táirgí a leasú ***chun na táirgí a chumhdaítear leis na cóid seo a leanas den Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) a áireamh, mar a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle***[13]***:***

***(a) 73 03 00 10, 73 03 00 90;***

***(b) 72 29 2000, 72 29 9020, 72 29 9050, 72 29 9090;***

***(c) 72 23 0011, 72 23 00 19, 72 23 00 91, 72 23 00 99;***

***(d) 7214 10 00, 7228 10 50, 7228 40 10, 7228 40 90.***

***I gcás ina mbailítear fianaise leordhóthanach ina mheasúnú lena léirítear an gá sin***, féadfaidh ***an Coimisiún*** togra reachtach a thíolacadh ***gan moill mhíchuí*** do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Chuige ***sin, tionscnóidh an Coimisiún, faoin 1 Iúil 2026, próiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí, lena n-áirítear oibreoirí eacnamaíocha agus na Ballstáit***.

**13** Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

2. ***Faoin 30 Meitheamh 2027, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá leis an raon táirgí a leasú, agus aird á tabhairt go háirithe ar cheart dó táirgí breise atá déanta as méid suntasach cruach, nó ina bhfuil méid suntasach cruach, a chumhdach, lena n-áirítear mar ábhar tosaíochta táirgí iartheachtacha iarainn agus cruach nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn I. I gcás ina mbailítear fianaise leordhóthanach ina mheasúnú lena léirítear an gá sin, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh gan moill mhíchuí*** do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle**.**

3. Faoin 30 Meitheamh 2029 agus ***gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá leis an raon táirgí a leasú, agus aird á tabhairt ar staid níos leithne iomaíochas an Aontais agus thionscal cruach an Aontais, idir ghníomhaithe réamhtheachtacha agus ghníomhaithe iartheachtacha, go háirithe an staid do FBManna, chomh maith le comhbheartas slándála agus cosanta an Aontais. I gcás ina mbíonn suaitheadh suntasach sa mhargadh nó athruithe tobanna ar phatrúin trádála domhanda, déanfaidh an Coimisiún measúnú níos luaithe.***

4. ***Chun críoch na measúnuithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, tionscnóidh an Coimisiún próiseas comhairliúcháin tráthúil leis na geallsealbhóirí, lena n-áirítear oibreoirí eacnamaíocha agus na Ballstáit.***

*5.* ***Faoin 30 Meitheamh 2028, déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis arna bailiú de bhun Airteagal 4, measúnú i dtaobh an gá tír 'an leáite agus an doirte' a ainmniú mar bhonn chun tairbhe a bhaint as na taraifchuótaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Bunaithe ar an measúnú sin, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.***

6. ***Faoin 30 Meitheamh 2029,*** agus gach ***3*** bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar éifeachtacht an Rialacháin seo***, tar éis dó comhairliúcháin leathana a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ar fud an tslabhra luacha cruach.***

Tabharfar aird i meastóireacht den sórt sin ar na nithe seo a leanas:

(a) marthanacht na n-imthosca a thug údar le glacadh an Rialacháin seo;

(b) ***leas an Aontais; agus***

(c) staid thionscal [redacted] cruach an Aontais***, lena n-áirítear:***

  (i) ***leibhéil praghsanna agus úsáid acmhainneachta;***

  (ii) ***an tionchar ar thionscail réamhtheachtacha agus iartheachtacha agus ar thomhaltóirí deiridh san Aontas; agus***

  (iii) ***conair dhícharbónaithe na hearnála cruach san Aontas.***

Bunaithe ar an meastóireacht sin, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun an Rialachán seo a leasú[redacted] .

*7.* ***Faoin 30 Meitheamh 2028 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, soláthróidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.***

*Airteagal 13*

***Leasaítear Rialachán (AE) 2020/2170 mar a leanas:***

***(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:***

***‘ Earraí a liostaítear san Iarscríbhinn ar de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad agus a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[+] agus a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann trí iompar díreach ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe, beidh siad incháilithe freisin le haghaidh cóireála de bhun chuótaí rátaí taraife an Aontais ar allmhairí má scaoiltear na hearraí sin i saorchúrsaíocht i gcríoch Thuaisceart Éireann.***

---

**** Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena dtugtar aghaidh ar éifeachtaí diúltacha na ró-acmhainneachta domhanda a bhaineann le trádáil ar mhargadh cruach an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2170 (IO ..., ELI: ).’;***

---

+ OJ: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad: PE-CONS (2025/0726(COD)) agus san fhonóta comhfhreagrach uimhir, dáta glactha agus tagairt foilseacháin an Rialacháin sin, lena n-áirítear a uimhir ELI.

*(2)* *cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1a:*

***'Airteagal 1a***

***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 1b, lena leasaítear an Rialachán seo chun catagóirí áirithe earraí ar de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad agus a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) …/…[+] ó Pharlaimint na hEorpa agus a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann le hiompar díreach as codanna eile den Ríocht Aontaithe, a chur leis an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar choinníoll gur léirigh an Ríocht Aontaithe chun sástacht an Aontais gur gá na hearraí sin a scaoileadh i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann.'.***

[+] OJ: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad: PE-CONS (2025/0726(COD)).

Airteagal 14

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ▌ lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

***Beidh feidhm aige ón 01 Iúil 2026.***

***Mar sin féin:***

***(a) beidh feidhm ag Airteagal 4(2), Airteagal 5(1), pointí (a) go (i), Airteagal 5(2) go (5), agus Airteagail 6 agus 7 ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];***

***(b) beidh feidhm ag Airteagal 4(1) ón 1 Deireadh Fómhair 2026;***

(c) ***beidh feidhm ag Airteagal 5(1), pointe (j), ón 1 Deireadh Fómhair 2027.***

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna ndéanamh i/in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

IARSCRÍBHINN I

Catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC |
|---|---|---|
| 1A | Leatháin Theorollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile agus Stiallacha Teorollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | 7208 10 00, 7208 25 00, 7208 26 00, 7208 27 00, 7208 36 00, 7208 37 00, 7208 38 00, 7208 39 00, 7208 40 00, ***7208 52 10,*** 7208 52 99***, 7208 53 10***, 7208 53 90, 7208 54 00***, 7211 13 00***, 7211 14 00, 7211 19 00, 7225 19 10, 7225 30 10, 7225 30 30, 7225 30 90, 7225 40 15, 7225 40 90, 7226 19 10, 7226 91 20, 7226 91 91, 7226 91 99 |
| 1B | Leatháin Theorollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile agus Stiallacha Teorollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | 7212 60 00 |
| 2 | Leatháin Fhuar-rollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | 7209 15 00, 7209 16 90, 7209 17 90, 7209 18 91, 7209 25 00, 7209 26 90, 7209 27 90, 7209 28 90, 7209 90 20, 7209 90 80, 7211 23 20, 7211 23 30, 7211 23 80, 7211 29 00, 7211 90 20, 7211 90 80, 7225 50 20, 7225 50 80, 7226 20 00, 7226 92 00 |
| 3.A | Leatháin Leictreacha (seachas GOES) | 7209 16 10, 7209 17 10, 7209 18 10, 7209 26 10, 7209 27 10, 7209 28 10 |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC |
|---|---|---|
| 3.B | | 7225 19 90, 7226 19 80 |
| 4A | Leatháin Mhiotalacha Bhrataithe | ***7212 50 20***<br><br>***Cóid TARIC: 7210 41 00 20, 7210 41 00 30, 7210 49 00 20, 7210 49 00 30, 7210 61 00 20, 7210 61 00 30, 7210 69 00 20***, 7210 69 00 ***30, 7212 30 00 20, 7212 30 00 30, 7212 50 61 20, 7212 50 61 30, 7212 50 69 20***, ***7212 50 69 30, 7225 92 00 20, 7225 92 00 30, 7225 99 00 11, 7225 99 00 22, 7225 99 00 23, 7225 99 00 41, 7225 99 00 45, 7225 99 00 91, 7225 99 00 92, 7225 99 00 93, 7226 99 30 10, 7226 99 30 30, 7226 99 70 11, 7226 99 70 13***, 7226 99 70 ***91, 7226 99 70 93, 7226 99 70 94*** |
| 4B | Leatháin Mhiotalacha Bhrataithe | 7210 20 00, 7210 30 00, 7210 90 80, 7212 20 00, 7212 50 30, 7212 50 40, 7212 50 90, 7225 91 00, 7226 99 10<br><br>Cóid TARIC: 7210 41 00 80, 7210 49 00 80, 7210 61 00 80, 7210 69 00 80, 7212 30 00 80, 7212 50 61 80, 7212 50 69 80, 7225 92 00 80, 7225 99 00 25, 7225 99 00 95, 7226 99 30 90, 7226 99 70 19, 7226 99 70 96 |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC |
|---|---|---|
| 5 | Leatháin a bhfuil Brat Orgánach orthu | 7210 70 80, 7212 40 80, |
| 6 | Táirgí as Muileann Stáin | 7209 18 99, 7210 11 00, 7210 12 20, 7210 12 80, 7210 50 00, 7210 70 10, 7210 90 40, 7212 10 10, 7212 10 90, 7212 40 20 |
| 7 | Plátaí Cuartó as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | 7208 51 20, 7208 51 91, 7208 51 98, 7208 52 91, 7208 90 20, 7208 90 80, 7210 90 30, 7225 40 12, 7225 40 40, 7225 40 60 |
| 8 | Leatháin agus Stiallacha Teorollta Dosmálta | 7219 11 00, 7219 12 10, 7219 12 90, 7219 13 10, 7219 13 90, 7219 14 10, 7219 14 90, 7219 22 10, 7219 22 90, 7219 23 00, 7219 24 00, 7220 11 00, 7220 12 00 |
| 9 | Leatháin Fhuar-rollta Dhosmálta agus Stiallacha Fuar-rollta Dosmálta | 7219 31 00, 7219 32 10, 7219 32 90, 7219 33 10, 7219 33 90, 7219 34 10, 7219 34 90, 7219 35 10, 7219 35 90, 7219 90 20, 7219 90 80, 7220 20 21, 7220 20 29, 7220 20 41, 7220 20 49, 7220 20 81, 7220 20 89, 7220 90 20, 7220 90 80 |
| 10 | Plátaí Cuartó Teorollta Dosmálta | 7219 21 10, 7219 21 90 |
| 12 | Barraí Cruach agus Gearrthacha Éadroma as | 7214 30 00, 7214 91 10, 7214 91 90, 7214 99 31, 7214 99 39, 7214 99 50, 7214 99 71, 7214 99 79, 7214 99 95, |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC |
|---|---|---|
| | Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | 7215 90 00, 7216 10 00, 7216 21 00, 7216 22 00, 7216 40 10, 7216 40 90, 7216 50 10, 7216 50 91, 7216 50 99, 7216 99 00, 7228 10 20, 7228 20 10, 7228 20 91, 7228 30 20, 7228 30 41, 7228 30 49, 7228 30 61, ~~7228 30 69,~~ 7228 30 70, 7228 30 89, 7228 60 20, 7228 60 80, 7228 70 10, 7228 70 90, 7228 80 00<br><br>***Cód TARIC: 7228 30 69 99*** |
| 13 | Barraí cruach treisithe | 7214 20 00, 7214 99 10<br><br>***Cód TARIC: 7228 30 69 11*** |
| 14 | Barraí Cruach agus Gearrthacha Éadroma Cruach Dosmálta | 7222 11 11, 7222 11 19, 7222 11 81, 7222 11 89, 7222 19 10, 7222 19 90, 7222 20 11, 7222 20 19, 7222 20 21, 7222 20 29, 7222 20 31, 7222 20 39, 7222 20 81, 7222 20 89, 7222 30 51, 7222 30 91, 7222 30 97, 7222 40 10, 7222 40 50, 7222 40 90 |
| 15 | Slat Sreinge Dhosmálta | 7221 00 10, ***7221 00 90*** |
| 16 | Slat Sreinge as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | 7213 10 00, 7213 20 00, 7213 91 10, 7213 91 20, 7213 91 41, 7213 91 49, 7213 91 70, 7213 91 90, 7213 99 10, |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC |
|---|---|---|
| | | 7213 99 90, 7227 10 00, 7227 20 00, 7227 90 10, 7227 90 50, 7227 90 95 |
| 17 | Uillinneacha, Cruthanna agus Cónaisc as Iarann nó as Cruach Neamh-Chóimhiotail | 7216 31 10, 7216 31 90, 7216 32 11, 7216 32 19, 7216 32 91, 7216 32 99, 7216 33 10, 7216 33 90 |
| 18 | Bratphíleáil | 7301 10 00 |
| 19 | Ábhar Déanta Iarnróid | 7302 10 22, 7302 10 28, 7302 10 40, 7302 10 50, 7302 40 00 |
| 20 | Píobáin gháis | 7306 30 41, 7306 30 49, 7306 30 72, 7306 30 77 |
| 21 | Cónaisc chuasacha | 7306 61 10, 7306 61 92, 7306 61 99 |
| 22 | Feadáin agus Píobáin Dhosmálta Gan Uaim | 7304 11 00, 7304 22 00, 7304 24 00, 7304 41 00, 7304 49 83, 7304 49 85, 7304 49 89 |
| 24 | Feadáin Eile Gan Uaim | 7304 19 10, 7304 19 30, 7304 19 90, 7304 23 00, 7304 29 10, 7304 29 30, 7304 29 90, 7304 31 20, 7304 31 807304 39 50, 7304 39 82, 7304 39 83, 7304 39 88, 7304 51 81, 7304 51 89, 7304 59 30, 7304 59 82, 7304 59 83, 7304 59 89, 7304 90 00 |
| 25.A | Feadáin mhóra táthaithe | 7305 11 00,7305 12 00 |
| 25.B | | 7305 19 00, 7305 20 00, 7305 31 00, 7305 39 00, 7305 90 00 |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC |
|---|---|---|
| 26 | Píobáin Eile Táthaithe | 7306 11 00, 7306 19 00, 7306 21 00, 7306 29 00, 7306 30 12, 7306 30 18, 7306 30 80, 7306 40 20, 7306 40 80, 7306 50 21, 7306 50 29, 7306 50 80, 7306 69 10, 7306 69 90, 7306 90 00 |
| 27 | Barraí fuarchríochnaithe as neamh-chóimhiotail agus as cóimhiotail eile | 7215 10 00, 7215 50 11, 7215 50 19, 7215 50 80, 7228 10 90, 7228 20 99, 7228 50 20, 7228 50 40, 7228 50 61, 7228 50 69, 7228 50 80 |
| 28 | Sreang as neamh-chóimhiotail | 7217 10 10, 7217 10 31, 7217 10 39, 7217 10 50, 7217 10 90, 7217 20 10, 7217 20 30, 7217 20 50, 7217 20 90, 7217 30 41, 7217 30 49, 7217 30 50, 7217 30 90, 7217 90 20, 7217 90 50, 7217 90 90 |

IARSCRÍBHINN II

Méid na dtaraifchuótaí in aghaidh na catagóire táirge

***Is é 18 345 922 thona a bheidh i méid bliantúil iomlán na dtaraifchuótaí.***

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| 1A | Leatháin Theorollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile agus Stiallacha Teorollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | 7208 10 00, 7208 25 00, 7208 26 00, 7208 27 00, 7208 36 00, 7208 37 00, 7208 38 00, 7208 39 00, 7208 40 00, ***7208 52 10,*** 7208 52 99***, 7208 53 10***, 7208 53 90, 7208 54 00***, 7211 13*** | 5 198 712 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | ***00***, 7211 14 00, 7211 19 00, 7225 19 10, 7225 30 10, 7225 30 30, 7225 30 90, 7225 40 15, 7225 40 90, 7226 19 10, 7226 91 20, 7226 91 91, 7226 91 99 | | |
| 1B | Leatháin Theorollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile agus Stiallacha | 7212 60 00 | 4 581 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | Teorollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | | | |
| 2 | Leatháin Fhuar-rollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | 7209 15 00, 7209 16 90, 7209 17 90, 7209 18 91, 7209 25 00, 7209 26 90, 7209 27 90, 7209 28 90, 7209 90 20, 7209 90 80, 7211 23 20, 7211 23 30, 7211 23 80, 7211 29 00, | 1 544 759 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 7211 90 20, 7211 90 80, 7225 50 20, 7225 50 80, 7226 20 00, 7226 92 00 | | |
| 3A | Leatháin Leictreacha (seachas GOES) | 7209 16 10, 7209 17 10, 7209 18 10, 7209 26 10, 7209 27 10, 7209 28 10 | 612 | 50 % |
| 3B | | 7225 19 90, 7226 19 80 | 199 079 | 50 % |
| 4A | Leatháin Mhiotalacha Bhrataithe | ***7212 50 2 0*** | 1 620 686 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | ***Cóid TARIC: 7210 41 00 20, 7210 41 00 30, 7210 49 00 20, 7210 49 00 30***, 7210 61 00 ***20, 7210 61 00 30, 7210 69 00 20, 7210 69 00 30, 7212 30 00 20, 7212 30 00 30***, ***7212 50 61 20, 7212 50 61 30,*** | | |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | ***7212 50 69 20, 7212 50 69 30, 7225 92 00 20, 7225 92 00 30, 7225 99 00 11, 7225 99 00 22, 7225 99 00 23, 7225 99 00 41, 7225 99 00 45, 7225 99 00 91, 7225 99 00 92, 7225 99 00 93, 7226 99 30 10***, 7226 99 | | |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 30 ***30, 7226 99 70 11, 7226 99 70 13, 7226 99 70 91, 7226 99 70 93, 7226 99 70 94*** | | |
| 4B | Leatháin Mhiotalacha Bhrataithe | 7210 20 00, 7210 30 00, 7210 90 80, 7212 20 00, 7212 50 30, 7212 50 40, 7212 50 90, 7225 91 00, 7226 99 10 | 1 238 995 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | Cóid TARIC: 7210 41 00 80, 7210 49 00 80, 7210 61 00 80, 7210 69 00 80, 7212 30 00 80, 7212 50 61 80, 7212 50 69 80, 7225 92 00 80, 7225 99 00 25, 7225 99 00 95, 7226 99 30 90, 7226 99 70 19, | | |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 7226 99 70 96 | | |
| 5 | Leatháin a bhfuil Brat Orgánach orthu | 7210 70 80, 7212 40 80, | 627 871 | 50 % |
| 6 | Táirgí as Muileann Stáin | 7209 18 99, 7210 11 00, 7210 12 20, 7210 12 80, 7210 50 00, 7210 70 10, 7210 90 40, 7212 10 10, 7212 10 90, 7212 40 20 | 542 840 | 50 % |
| 7 | Plátaí Cuartó as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | 7208 51 20, 7208 51 91, 7208 51 98, 7208 52 91, | 1 196 903 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 7208 90 20, 7208 90 80, 7210 90 30, 7225 40 12, 7225 40 40, 7225 40 60, | | |
| 8 | Leatháin Theorollta Dhosmálta agus Stiallacha Teorollta Dosmálta | 7219 11 00, 7219 12 10, 7219 12 90, 7219 13 10, 7219 13 90, 7219 14 10, 7219 14 90, 7219 22 10, 7219 22 90, 7219 23 00, 7219 24 00, 7220 | 153 186 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 11 00, 7220 12 00 | | |
| 9 | Leatháin Fhuar-rollta Dhosmálta agus Stiallacha Fuar-rollta Dosmálta | 7219 31 00, 7219 32 10, 7219 32 90, 7219 33 10, 7219 33 90, 7219 34 10, 7219 34 90, 7219 35 10, 7219 35 90, 7219 90 20, 7219 90 80, 7220 20 21, 7220 20 29, 7220 20 41, 7220 20 49, 7220 | 496 342 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 20 81, 7220 20 89, 7220 90 20, 7220 90 80 | | |
| 10 | Plátaí Cuartó Teorollta Dosmálta | 7219 21 10, 7219 21 90 | 17 025 | 50 % |
| 12 | Barraí Cruach agus Gearrthacha Éadroma as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | 7214 30 00, 7214 91 10, 7214 91 90, 7214 99 31, 7214 99 39, 7214 99 50, 7214 99 71, 7214 99 79, 7214 99 95, 7215 90 00, 7216 10 00, 7216 | 881 735 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 21 00, 7216 22 00, 7216 40 10, 7216 40 90, 7216 50 10, 7216 50 91, 7216 50 99, 7216 99 00, 7228 10 20, 7228 20 10, 7228 20 91, 7228 30 20, 7228 30 41, 7228 30 49, 7228 30 61, 7228 30 70, 7228 30 89, 7228 60 20, 7228 | | |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 60 80, 7228 70 10, 7228 70 90, 7228 80 00<br><br>***Cód TARIC: 7228 30 69 99*** | | |
| 13 | Barraí cruach treisithe | 7214 20 00, 7214 99 10<br><br>***Cód TARIC: 7228 30 69 11*** | 844 526 | 50 % |
| 14 | Barraí Cruach agus Gearrthacha Éadroma Cruach Dosmálta | 7222 11 11, 7222 11 19, 7222 11 81, 7222 11 89, | 133 595 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 7222 19 10, 7222 19 90, 7222 20 11, 7222 20 19, 7222 20 21, 7222 20 29, 7222 20 31, 7222 20 39, 7222 20 81, 7222 20 89, 7222 30 51, 7222 30 91, 7222 30 97, 7222 40 10, 7222 40 50, 7222 40 90 | | |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| 15 | Slat Sreinge Dhosmálta | 7221 00 10,***7221 00 90*** | 40 462 | 50 % |
| 16 | Slat Sreinge as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile | 7213 10 00, 7213 20 00, 7213 91 10, 7213 91 20, 7213 91 41, 7213 91 49, 7213 91 70, 7213 91 90, 7213 99 10, 7213 99 90, 7227 10 00, 7227 20 00, 7227 90 10, 7227 90 50, 7227 90 95 | 1 569 532 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| 17 | Uillinneacha, Cruthanna agus Cónaisc as Iarann nó as Cruach Neamh-Chóimhiotail | 7216 31 10, 7216 31 90, 7216 32 11, 7216 32 19, 7216 32 91, 7216 32 99, 7216 33 10, 7216 33 90 | 184 607 | 50 % |
| 18 | Bratphíleáil | 7301 10 00 | 31 ,263 | 50 % |
| 19 | Ábhar Déanta Iarnróid | 7302 10 22, 7302 10 28, 7302 10 40, 7302 10 50, 7302 40 00 | 16 472 | 50 % |
| 20 | Píobáin gháis | 7306 30 41, 7306 30 49, 7306 30 | 222 413 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 72, 7306 30 77 | | |
| 21 | Cónaisc chuasacha | 7306 61 10, 7306 61 92, 7306 61 99 | 499 493 | 50 % |
| 22 | Feadáin agus Píobáin Dhosmálta Gan Uaim | 7304 11 00, 7304 22 00, 7304 24 00, 7304 41 00, 7304 49 83, 7304 49 85, 7304 49 89 | 32 967 | 50 % |
| 24 | Feadáin Eile Gan Uaim | 7304 19 10, 7304 19 30, 7304 19 90, 7304 23 00, 7304 29 10, 7304 | 268 901 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 29 30, 7304 29 90, 7304 31 20, 7304 31 80, -7304 39 50, 7304 39 82, 7304 39 83, 7304 39 88, 7304 51 81, 7304 51 89, 7304 59 30, 7304 59 82, 7304 59 83, 7304 59 89, 7304 90 00 | | |
| 25.A | Feadáin mhóra tháthaithe | 7305 11 00,7305 12 00 | 28 749 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| 25.B | | 7305 19 00, 7305 20 00, 7305 31 00, 7305 39 00, 7305 90 00 | 83 616 | 50 % |
| 26 | Píobáin Eile Táthaithe | 7306 11 00, 7306 19 00, 7306 21 00, 7306 29 00, 7306 30 12, 7306 30 18, 7306 30 80, 7306 40 20, 7306 40 80, 7306 50 21, 7306 50 29, 7306 50 80, | 250 757 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 7306 69 10, 7306 69 90, 7306 90 00 | | |
| 27 | Barraí fuarchríochnaithe as neamh-chóimhiotail agus as cóimhiotail eile | 7215 10 00, 7215 50 11, 7215 50 19, 7215 50 80, 7228 10 90, 7228 20 99, 7228 50 20, 7228 50 40, 7228 50 61, 7228 50 69, 7228 50 80 | 97 315 | 50 % |
| 28 | Sreang as neamh-chóimhiotail | 7217 10 10, 7217 10 31, 7217 10 | 317 886 | 50 % |

| Uimhir chatagóir an táirge | Ainm chatagóir an táirge | Cód AC | Méid na dtaraifchuótaí (i dtonaí) | Leibhéal dleachta lasmuigh den chuóta |
|---|---|---|---|---|
| | | 39, 7217 10 50, 7217 10 90, 7217 20 10, 7217 20 30, 7217 20 50, 7217 20 90, 7217 30 41, 7217 30 49, 7217 30 50, 7217 30 90, 7217 90 20, 7217 90 50, 7217 90 90 | | |

Rinneadh ráiteas maidir leis an Rialachán seo agus is féidir teacht air in IO C, ..., ELI: ...+

+ IO: Le do thoil cuir isteach tagairt IO an ráitis, ELI san áireamh.

**Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hallmhairiú táirgí cruach ón Rúis**

Ó thús an chogaidh, tá bearta nach bhfacthas a leithéid riamh cheana déanta ag an Aontas agus a Bhallstáit chun spleáchais eacnamaíocha ar an Rúis a laghdú agus chun oibriú chun a áirithiú nach rannchuideoidh gníomhaíocht eacnamaíoch an Aontais le hiarracht chogaidh na Rúise a choinneáil ar bun.

Leis na bearta sin, laghdaíodh go mór sreafaí trádála thar raon leathan earnálacha, lena n-áirítear cruach, cuireadh dlús leis an díchúpláil agus cuireadh le hathléimneacht an Aontais, agus léiríodh ag an am céanna cumas an Aontais gníomhú ar bhealach aontaithe cinntitheach nuair a bhíonn a luachanna agus a leasanna straitéiseacha i mbaol.

Ag an am céanna, ní mór don Aontas a bheith airdeallach i gcónaí ar na réimsí sin ina bhfuil spleáchais fós ann go háirithe maidir le táirgí cruach áirithe nach bhfuil toirmeasc iomlán ar a n-allmhairiú go fóill.

Go háirithe, déantar roinnt teoranta allmhairí de thionscnamh na Rúise san earnáil cruach go dtí an 30 Meán Fómhair 2028, i gcomhréir leis na socruithe idirthréimhseacha a leagtar síos sna bearta sriantacha ábhartha arna nglacadh ag an gComhairle[1]. Chun éagsúlú forchéimnitheach agus seasta a áirithiú, cuirtear uasteorainn leis na hallmhairí sin le cuótaí agus laghdaítear méideanna gach bliain.

Agus an creat institiúideach is infheidhme maidir le bearta sriantacha á mheabhrú acu, cuireann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach i bhfios go láidir go bhfuil na bearta sriantacha ábhartha a ghlac an Chomhairle ina mbonn taca faoi chonair i dtreo deireadh iomlán a chur de réir a chéile leis na hallmhairí táirgí cruach ón Rúis a dhéantar go fóill, go háirithe leaca cruach, faoin 30 Meán Fómhair 2028.

---

**1** Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.